**Ordú na Cúirte Ginearálta an 6 Meitheamh 2023 – Spreewood Distillers v EUIPO – Radgonske gorice (STORK)**

**(Cás T-433//22)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh 'STORK' – Focalmharc náisiúnta níos luaithe 'GOLDEN STORK' – Cúis choibhneasta le diúltú – Baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Caingean gan bunús sa dlí go follasach)***

(2023/C 271/43)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Spreewood Distillers GmbH (Schlepzig, an Ghearmáin) (ionadaithe: O. Spieker agus D. Mienert, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: N. Lamsters agus T. Frydendahl, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO:* Radgonske gorice d.o.o. (Gornja Radgona, an tSlóivéin)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 de CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní an cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 10 Bealtaine 2022 (Cás R 1782/2021-5).

**An chuid oibríochtúil**

(1) Diúltaítear don chaingean.

(2) Ordaítear do gach páirtí a costais féin a íoc.

([1]) IO C 326, 29.8.2022.

---

**Caingean arna tabhairt an 13 Márta 2023 – Institut Jožef Stefan v an Coimisiún**

**(Cás T-134/23)**

(2023/C 271/44)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Institut Jožef Stefan (Liúibleána, an tSlóivéin) (ionadaí: A. Bochon, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil an chaingean in-ghlactha;

— go gcuirfí ar neamhní an cinneadh an 3 Eanáir 2023 arna ghlacadh ag Coiste Athbhreithnithe an Choimisiúin Eorpaigh lena ndiúltaítear do thogra an iarratasóra agus do thagairt EDF-2021-MCBRN-R-CBRNDIM-101075036-PANDORA air, arna thaisceadh i gcomhthéacs ghlao ar thograí EDF-2021-MCBRN-R faoi chlár an Chiste Eorpaigh Cosanta ar na forais go ndearna an Coimisiún Eorpach earráid fhollasach mheasúnaithe, gur sháraigh sé an oibleagáid réasúin a shonrú faoi Airteagal 296 CFAE, gur sháraigh sé prionsabal an dea-riaracháin agus gur sháraigh sé an ceart chun éisteacht a fháil;